C/2025/5888

4.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12136 — EURAZEO / CME / PROTEOR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5888)

1. An 22 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Eurazeo S.E. ('Eurazeo', an Fhrainc), cuideachta liostaithe,

— Crédit Mutuel Equity SCR S.A.S. ('CME', an Fhrainc), faoi rialú ag Confédération Nationale de Crédit Mutuel (an Fhrainc),

— Holding Proteor S.A.S. ('Proteor', an Fhrainc).

Gheobhaidh Eurazeo agus CME comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Proteor ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta liostaithe é Eurazeo a bhfuil a cheanncheathrú i bPáras na Fraince, ag a bhfuil punann de roinnt billiún euro i sócmhainní éagsúlaithe. I ngach cuideachta a infheistíonn Eurazeo, tá sé mar sprioc aige athruithe féideartha chun feabhais a aithint, a luathú agus a fheabhsú. Tá trí phríomhghníomhaíocht ag baint leis: cothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus sócmhainní réadacha.

— Tá CME ina chuid de ghrúpa Crédit Mutuel, banc Francach agus grúpa árachais atá gníomhach i mbaincéireacht chorparáideach agus mhiondíola chomh maith le gníomhaíochtaí árachais saoil agus neamhshaoil. Tá an grúpa Crédit Mutuel faoi rialú deiridh Confédération Nationale de Crédit Mutuel. Tugann CME le chéile gníomhaíochtaí cothromais phríobháidigh ghrúpa Crédit Mutuel. Cuireann sé tacaíocht chaipitil ar fáil do bhainisteoirí ag gach céim d'fhorbairt a gcuideachtaí, ó shíol go haistriú.

— Tá Proteor gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar trealaimh agus comhpháirteanna ortaice agus próistéitice do phróistéiticeoirí agus d'ortótaiceoirí deimhnithe agus d'othair san Aontas agus i dtríú tíortha. Ar bhonn i bhfad níos lú, cuireann Proteor seirbhísí digitithe ar fáil freisin do phróistéiticeoirí agus d'ortótaiceoirí chun ortótaigh agus próistéiticigh a dhearadh agus a mhonarú. Is sa Fhrainc atá príomhghníomhaíochtaí Proteor.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12136 — EURAZEO / CME / PROTEOR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË